



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2017
(OR. en)

5689/17

COPS 27
COHOM 11
CONUN 12
COASI 14
MAMA 21
COEST 24
COAFR 31
CFSP/PESC 61
GENDER 3

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	27 Feabhra 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	5687/17 COPS 26 COHOM 10 CONUN 11 COASI 13 MAMA 20 COEST 23 COAFR 30 CFSP/PESC 60 GENDER 2
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ag Fóiraim de chuid na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2017 - Conclúidí ón gComhairle (27 Feabhra 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ag Fóiraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2017, a ghlac an Chomhairle ag an 3521ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 27 Feabhra 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH
AG FÓRAIM DE CHUID NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN DUINE IN 2017**

1. Tá an tAontas tiomanta go láidir do chóras na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus leanfaidh sé de bheith gníomhach ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (CCD) agus ag an Tríú Coiste den Chomhthionól Ginearálta chun uilíochas, doroinnteacht, idirthuilleamaíocht agus idirghaolmhaireacht chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn. I gcomhréir le tacaíocht an Aontais d'ord domhanda atá bunaithe ar dhlí idirnáisiúnta agus ar dhlí um chearta an duine, mar a leagtar amach i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas agus i Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Seachtrach agus Slándála, leanfaidh an tAontas d'aird na bhfóram sin a tharraingt ar shárúithe agus ar mhí-úsáid chearta an duine ar fud an domhain, agus ar an ngá atá le cuntasacht agus le cur i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós. Déanfaidh an tAontas a dhícheall, freisin, béim a chur ar chásanna dearfacha ina ndearnadh gníomhaíocht chun sárúithe agus mí-úsáid chearta an duine a chosc nó a leigheas.
2. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht láidir do thiomantas agus d'obair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus d'Oifig an Ard-Choimisinéara (OHCHR), agus cosnóimid i gcónaí iomláine, neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach na hoifige sin chun a shainordú a bhaint amach. Iarrann an tAontas ar na stáit uile a gcomhar iomlán a thabhairt ó thaobh Nósanna Imeachta Speisialta Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine de, agus trína áirithiú, freisin, go mbeidh rochtain gan bhac ag na sealbhóirí sainordaithe ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí shibhialta agus go mbeidh siad in ann dul i dteagmháil leo. Leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann leis an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann agus iarrann sé ar na tíortha uile páirt iomlán a ghlacadh agus gealltanais a thabhairt i ndáil leis an bpróiseas sin. Cuirfidh sé i gcoinne aon iarracht ar ról agus ar éifeachtacht na Comhairle um Chearta an Duine a lagú. Ar an gcuma chéanna, athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach do chomhlachtaí neamhspleacha conarthacha de chuid na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, agus measann sé go bhfuil an-tábhachtach ag baint lena bhfeidhmiú éifeachtach. Athshonraíonn an tAontas an tábhacht a mheasann sé a bhaineann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR) agus leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR), agus lena bPrótacail Roghnacha, agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh go ndaingneofar agus go gcuirfear chun feidhme ar bhonn uilíoch iad.

3. Is díol mór inní don Aontas i gcónaí sáruithe agus mí-úsáid leanúnach chearta an duine ar fud an domhain. Leanfaidh sé ar aghaidh ag lorg idirphlé agus comhair le comhpháirtithe ó na réigiúin uile chun a áirithiú go mbeidh na comhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe ag gabháil do chlár oibre uaillmhianach téamach agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar na cásanna is tromchúisí dá bhfuil ann ó thaobh chearta an duine ar fud an domhain, agus sáruithe agus mí-úsáid chearta an duine, lena n-áirítear foréigean agus idirdhealú, á gcáineadh go soiléir agus sna téarmaí is láidre is féidir aige. Leanfaidh an tAontas de thacú go dílis leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, ar institiúid lárnach í chun déantóirí coireanna a thabhairt chun cuntais agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh ceartas a bhaint amach i gcás na gcoireanna is tromchúisí dá bhfuil ann, i gcás nach féidir imscrúduithe ná ionchúiseamh a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta.
4. Tá ról tábhachtach ag ENRanna i leith Chearta an Duine agus cosantóirí chearta an duine chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tabharfaidh an tAontas tús áite do chur chun cinn timpeallacht a bheidh sábháilte do na ENRanna agus do na cosantóirí sin, a chuirfidh ar a gcumas feidhmiú, agus díreofar ar na rioscaí ar leith a mbíonn ar mhná dul i ngleic leo agus cearta an duine á gcosaint acu. Labhróidh an tAontas amach i gcoinne ciaptha, imeaglú nó géarleanúna, lena n-áirítear ionsaithe foréigneacha agus maruithe cosantóirí chearta an duine, iriseoirí nó blagálaithe, agus cuirfidh sé rannpháirtíocht ón tsochaí sibhialta i bhfóraim Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe chun cinn. Leanfaidh an tAontas de chur i gcoinne srianta éagóracha nó díréireacha a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí, ar chlárú agus ar rochtain ar mhaoiniú ENRanna i leith Chearta an Duine agus eagraíochtaí eile sa tsochaí sibhialta.
5. Ina theannta sin, tugann an tAontas a thacaíocht iomlán d'Ardrúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine lena iarrachtaí chun deireadh a chur le gach sórt imeaglaithe agus beart díoltas i gcoinne na ndaoine atá ag obair i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe i leith chearta an duine. Iarrann sé ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus ar Uachtarán CCD agus ar a bhiúró obair leantach a dhéanamh ar chásanna sonracha a thugtar ar aird dóibh. Tabharfaidh an tAontas tús áite freisin don tábhacht a bhaineann le saoirse tuairimíochta, agus saoirse chun tuairimí a nochtadh as líne agus ar líne, saoirse comhlachais agus comhthionóil a urramú. Tacóidh an tAontas go láidir le cur chun feidhme na Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ón gComhairle um Chearta an Duine maidir le sábháilteacht iriseoirí, agus díreoidh sé go háirithe ar chur i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós, agus beidh sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh ar líne agus as líne.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas gur gá díriú i gcónaí ar iarrachtaí chun cosaint ceart eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn. Leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme cuimsitheach, éifeachtach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus trí chur chuige a bheidh bunaithe ar chearta san áireamh, ina gcuimsítear cearta uile an duine chun go mbainfear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe amach, lena n-áirítear an ghné a bhaineann le cearta an duine i réimsí amhail sláinte, oideachas, slándáil bia, tithíocht, uisce agus sláintíocht, obair chuibhiúil, leibhéil náisiúnta cosanta sóisialta a fhorbairt agus a gclúdach a mhéadú agus an bhearna idir na hinscní a mhaolú. Léiríonn an Chomhairle gur údar imní di minicíocht agus líon na ngníomhartha a dhéantar chun an oidhreacht chultúrtha a scríosadh, agus tugann sí a thacaíocht d'iarrachtaí agus do thionscnaimh ábhartha ar tugadh fúthu i bhfórait éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe chun aird a tharraingt ar an bhfadhb seo agus féachaint lena réiteach.
7. Ní mór aird iomlán leanúnach chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a dhíriú ar anchás chearta an duine agus ar an anchás daonnúil sa tSiria. Cáinfidh an tAontas Eorpach na sárúithe agus an mhí-úsáid leanúnach, chórasach, fhorleathan, thromchúiseach ar chearta an duine agus na sárúithe uile ar an dlí idirnáisiúnta atá á ndéanamh ag na páirtithe uile, go háirithe réimeas na Siria agus a chomhghuaillithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh rochtain dhaonnúil gan bhac, cuntasacht le haghaidh gach sárúithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus rochtain an Choimisiúin Fiosrúcháin a bhfuil sainordú ó na Náisiún Aontaithe aige ar chríoch uile na Siria. Tacóidh an tAontas le síneadh bliana a chur le sainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin agus is díol sásaimh dó céimeanna breise lena gcuirfear an Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách don tSiria i bhfeidhm. Meabhraíonn sé go gcreideann sé go daingean gur cheart cás na Siria a tharchur chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus iarrann sé arís ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe gníomhú i ndáil leis sin.
8. I bhfianaise na staide tromchúisí maidir le cearta an duine agus na heaspa gníomhaíochta ó rialtas Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) maidir le deireadh a chur le sárúithe leanúnacha ar chearta an duine agus tar éis an t-idirphlé ábhartha a bhí ag na Náisiún Aontaithe le déanaí a chur san áireamh, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an tSeapáin agus le comhpháirtithe eile chun aird a tharraingt ar na sárúithe ar chearta an duine atá á ndéanamh ag DPDC, agus ar an ngá atá ann go bpléifidh DPDC go hiomlán agus ar bhealach inchreidte leis na sásraí ábhartha uile um chearta an duine de chuid na Náisiún Aontaithe, agus go gcuirfidh sí na moltaí ón gComhairle um Chearta an Duine agus ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chun feidhme, agus i dtaca cuntasacht san áireamh.

9. Ós rud é gur údair inní don Aontas iad na sárúithe leanúnacha ar chearta an duine i réigiúin éagsúla i Maenmar/Burma, go háirithe i gcoinne daoine ar de phobal Rohingya i Stát Rakhine iad, athdhearbhaíonn an tAontas go n-iarrann sé go gcuirfí deireadh le hidirdhealú agus le géarleanúint i gcoinne daoine ar de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúin iad, go ndéanfaí imscrúduithe inchreidte neamhspleácha ar shárúithe agus ar mhí-úsáid chearta an duine a tuairiscíodh, go n-áiritheofaí cuntasacht do gach foréigineoir agus fuathaitheoir, agus go gcuirfí rochtain iomlán dhaonnúil agus breathnóireachta ar fáil. Tacóidh sé leis an gComhairle um Chearta an Duine do ghlacadh rúin lena ndéanfar sainordú an Rapóirtéara Speisialta a athnuachan, leanfaidh sé forbairtí sa tír go cúramach, agus oibreoidh sé i gcomhar leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile leis na bealaí is fearr chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inní a aithint. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hoifig de chuid Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine a oscailt sa tír.
10. Is díol an-mhór inní don Aontas i gcónaí cás chearta an duine sa Bhurúin agus leanfaidh sé de shúil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí ar an láthair agus ar an gcéad nuashonrú a bheidh le heisiúint ag an gCoimisiún Fiosrúcháin a cuireadh ar bun le déanaí. Leanfaidh an tAontas de dhul i dteagmháil le rialtas na Burúine, le comhpháirtithe san Afraic agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn, agus féachfaidh sé ar chéimeanna iomchuí breise a ghlacadh i gcás go leanfar de shárúithe agus de mhí-úsáid chearta an duine.
11. De bhreis ar an seisiún speisialta de chuid na Comhairle um Chearta an Duine i mí na Nollag 2016, agus uafás air faoi thorthaí tosaigh an Choimisiúin um Chearta an Duine sa tSúdáin Theas, go háirithe i dtaca le foréigean in aghaidh sibhialtach agus cásanna forleathana foréigin ghnéasaigh agus inscne-bhunaithe, oibreoidh an tAontas ag an gComhairle um Chearta an Duine chun deireadh a chur le daoine a bheith ag dul saor ó phionós agus le cuntasacht a áirithiú, agus tacóidh sé le síneadh a chur le sainordú an Choimisiúin agus le leathnú an tsainordaithe chun go gcuimseofar imscrúdú ar gach sárú líomhnaithe ar chearta an duine agus an iarraidh go gceapfadh Rialtas na Súdáine Theas Ionadaí Speisialta maidir le Foréigean Gnéasach.
12. Tá inní ar an Aontas i gcónaí faoi na sárúithe ar chearta an duine agus na gníomhartha diansmachta atá á ndéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) lena mbaintear an bonn den smacht reachta agus lena gcuirtear srian ar shaoirsí bunúsacha. Leanfaidh sé de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid in PDC, go háirithe i gcomhthéacs ullmhú na dtoghchán agus chur chun feidhme dúshlánach an chomhaontaithe aistrithe, chun obair a dhéanamh leis an tír lena mbaineann agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, agus chun a chomhar leis an tsochaí shibhialta a mhéadú.

13. Is díol mór inní don Chomhairle i gcónaí cás chearta an duine san Eiritré, agus coinneoidh sí súil ghéar ar na nuashonruithe a chuirfidh an Rapóirtéir Speisialta ar fáil agus ar chomhoibriú rialtas na hEiritré le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus ar chur chun feidhme mholtaí UPR.
14. Oibreoidh an tAontas leis na Stáit Aontaithe agus le Grúpa na hAfraice chun a áirithiú go nglacfaidh an Chomhairle um Chearta an Duine rún lena léireofar an staid maidir le cearta an duine sa tSúdáin agus lena síneofar sainordú an tSaineolaí Neamhspleách. Déanfaidh sé teagmháil le comhpháirtithe san Afraic chun tacú le haird leanúnach na Comhairle um Chearta an Duine a dhíriú ar Mhailí agus ar Phoblacht na hAfraice Láir. I bhfianaise na staide daonnúla agus staid chearta an duine atá ag dul in olcas in Éimin, leanfaidh an tAontas de thacú le himscrúdú neamhspleách ar na sáruithe uile arna ndéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí idirnáisiúnta ag gach páirtí sa choinbhleacht. Tarraingeoidh an tAontas aird iomchuí i ngach fóram ábhartha faoi chearta an duine, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine, ar an staid maidir le cearta an duine i réigiúin na hAbcáise agus Tskhinvali/na hOiséite Theas den tSeoirse, sa Libia agus sa chríoch Phalaistíneach atá faoi fhorghabháil. Tacóidh sé go hiomlán le Srí Lanca a choinneáil ar Chlár Oibre na Comhairle um Chearta an Duine chun athmhuintearas agus cuntasacht a chur chun cinn sa tír.
15. I bhfianaise inní leanúnach faoi chearta an duine agus an ráta ard a bhaineann le cur i bhfeidhm phionós an bháis san Iaráin, agus d'fhonn feabhas a chur ar staid chearta an duine, tacóidh an tAontas arís le sainordú an Rapóirtéara Speisialta a shíneadh agus iarrfaidh sé go leanúnach go mbeadh rochtain gan bhac aici ar an tír. Is cúis mhór inní don Aontas i gcónaí an ráta ard a bhaineann le cur i bhfeidhm phionós an bháis san Araib Shádach, go háirithe i gcás mionaoiseach nó daoine fásta as gníomhartha a rinne siad agus iad ina mionaoisigh, agus géarú an tseasaimh maidir le gníomhaithe chearta an duine.

16. Ní aithníonn an tAontas ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise agus leanann sé dá cáineadh. I bhfianaise staid chearta an duine ar údar mór inní é sa Chrimé agus na sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus na mí-úsáide a bhaintear astu, atá nasctha leis an gcoinbhleacht in oirthear na hÚcráine, leanfaidh an tAontas de thacú le tionscnaimh atá á stiúradh ag an Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa Chomhairle um Chearta an Duine agus sa Chomhthionól Ginearálta, agus leanfaidh sé dá thacaíocht iomlán a thabhairt do Mhisean Faireacháin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine san Úcráin. Leanfaidh sé de rochtain neamhshrianta ar an gCrimé agus ar oirthear na hÚcráine a iarraidh trí mheán sásraí bunaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta faireacháin um chearta an duine chun an ceann is fearr a fháil ar bhacainní reatha atá ag teacht idir iad agus a sainordú a chur i gcrích. Is den tábhacht bhunúsach i gcónaí é go neartófaí go foriomlán an smacht reachta chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint san Úcráin.
17. Agus an dul chun cinn atá déanta á chur san áireamh, lena n-áirítear athchromadh ar an idirphlé faoi chearta an duine idir an tAontas agus an Bhealarúis, leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar chúrsaí chearta an duine sa Bhealarúis. Is údar mór inní don Aontas cur i bhfeidhm leanúnach phionós an bháis, go háirithe, agus pléann sé na húdair inní sin leis an mBealarúis ar bhonn leanúnach. Molann sé d'údaráis na Bealarúise cearta iarphríosúnach polaitiúil a thabhairt ar ais, deireadh a chur le srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar an tsaoirse comhlachais agus tionóil, agus deireadh a chur le gach bacainn ar mheáin shaora neamhspleácha a chleachtadh.
18. Tá an tAontas Eorpach tiomanta go hiomlán do chur chun cinn chearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta sa phlé a bhíonn aige le comhpháirtithe a thionóltar faoi chuimsiú BCE athbhreithnithe, go háirithe le tíortha lena ndéantar tosaíochtaí nua comhpháirtíochta a chaibidlíú.
19. Tacaíonn an tAontas go láidir le cealú phionós an bháis, agus tá sé ag tacú leis le fada an lá, agus dá bhrí sin, tá sé i gcoinne phionós an bháis am ar bith agus áit ar bith a n-úsáidtear é. Labhróidh an tAontas amach de shíor i gcoinne básuithe go háirithe i gcás ollbhásuithe nó nuair a chuirtear pionós an bháis i bhfeidhm maidir le cionta a dhéanann daoine atá faoi bhunocht mbliana déag d'aois. Leanfaidh an tAontas d'aird a tharraingt ar shárúithe ar chaighdeán íosta. De thoradh na tacaíochta láidre trasréigiúnaí a tugadh don rún maidir le moratorium a chur ar phionós an bháis ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 71, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an obair a dhéanann na Náisiúin Aontaithe chun pionós an bháis a chealú ar fud an domhain.

20. Tá toirmeasc iomlán ar an gcéastóireacht i ngach imthoisc inscríofa sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. 30 bliain tar éis theacht i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Chéasta, tá an troid i gcoinne an chéasta fós ina dúshlán mór ó thaobh chearta an duine, ina thosaíocht ó thaobh chearta an duine don Aontas, agus tá daingniú uilíoch agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin agus a Phrótacail Roghnaigh ar cheann den phríomhchuspóirí dár gcuid.
21. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh le cearta an linbh i bhfóraim de chuid na Náisiún Aontaithe, agus oibreoidh sé i gcomhar le ballraíocht na Náisiún Aontaithe trí chéile chun an tosaíocht sin a chur ar aghaidh. Ag an gComhairle um Chearta an Duine, díreofar ar chearta an linbh sa rún ó thaobh chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus pléifidh an Comhthionól Ginearálta leis an tsaincheist a bhaineann le foréigean i gcoinne leanaí. Sa chomhthéacs sin, féachfaidh an tAontas le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha a bhaineann leis an dá ábhar, lena n-áirítear an tsaincheist a bhaineann le leanaí a bhfuil a saoirse bainte díobh, cosaint leanaí i gcoinne gach cineáil foréigin, mí-úsáide, faillí agus teacht i dtír, agus i gcomhthéacs coinbhleachtaí armtha san áireamh, cosaint cailíní agus buachaillí ó phósadh páistí, ó luathphósadh agus ó phósadh éigeantais, agus ó chleachtais dhíobhálacha eile amhail ciorrú ball giniúna ban. Ina theannta sin, cáineann an tAontas go láidir mí-úsáid chearta an duine a rinne grúpaí sceimhlitheoireachta i gcoinne ban agus leanaí, lena n-áirítear ionsaithe Boko Haram dírithe ar leanaí san Afraic, agus na hainghníomhartha a rinne Da'esh, agus iarrann sé go mbeifí cuntasach as na sáruithe sin.
22. Leanfaidh an tAontas de shaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn, seasfaidh sé go láidir i gcoinne éadulaingt reiligiúin agus iarrfaidh sé go dtabharfaí tuilleadh cosanta do dhaoine ar de mhionlaigh reiligiúin agus de mhionlaigh eile iad i gcoinne géarleanúna agus foréigin. Tá sé fós fíorbhuartha faoi ghéarleanúint agus faoi idirdhealú i gcoinne daoine ar de mhionlaigh reiligiúin ar fud an domhain iad.

23. Leanfaidh an tAontas de phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn, agus cuirfidh sé go láidir i gcoinne an idirdhealaithe ar aon fhoras nó stádas. Sa chomhthéacs sin, sa Chomhairle um Chearta an Duine agus sa Chomhthionól Ghinearálta, oibreoidh an tAontas i gcomhar leis na nósanna imeachta speisialta ábhartha, lena n-áirítear an Saineolaí Neamhspleách nua maidir le cosaint i gcoinne foréigin agus idirdhealú bunaithe ar chlaonadh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne, agus molfaidh sé do Stáit a bheith toilteannach dul i mbun idirphlé leo agus rochtain a thabhairt dóibh. Leanfaidh an tAontas de chur i gcoinne gach foirme ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe, agus éadulaingthe ghaolmhaire ar fud an domhain. Leanfaidh sé de chearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn ina ghníomhaíocht shealadach, lena n-áirítear a rannpháirtíocht chothrom agus a gcuimsiú sóisialta.
24. Leanfaidh an tAontas de dhul i mbun caibidlíochta faoi stiúir Uachtarán an Chomhthionóil Ghinearálta maidir leis na bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun go bhféadfadh ionadaithe agus institiúidí daoine dúchasacha a bheith rannpháirteach i gcruinnithe comhlachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna lena ndéantar difear dóibh.
25. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach in iarrachtaí idirnáisiúnta chun comhionannas inscne a bhaint amach; cumhachtú na mban, agus cearta na mban a chur ar aghaidh mar ábhar tosaíochta. Leanfaidh an tAontas de lánpháirtiú na gné inscne a lorg ar fud obair na Comhairle um Chearta an Duine, an Chomhthionóil Ghinearálta agus fóraim eile um chearta an duine. Á mheabhrú di a Conclúidí maidir le hInscne i gcomhthéacs na Forbartha an 26 Bealtaine 2015, tá an Chomhairle fós tiomanta gach ceart daonna a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, agus tá sí fós tiomanta do thoradh a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin agus do shláinte gnéis agus atáirgthe agus do chearta ina dtaobh, sa chomhthéacs sin. Leanfaidh an tAontas d'iarrachtaí a dhéanamh chun rún 1325 de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go héifeachtach mar aon le rún ina dhiaidh sin faoi mhná, faoi shíocháin, agus faoi shlándáil, agus méadóidh sé iarrachtaí chun gach foirm foréigin agus idirdhealaithe i gcoinne ban agus cailíní a chosc agus a dhíchur ar fud an domhain.

26. Tá an tAontas tiomanta Dearbhú Nua Eabhrac do dhídeanaithe agus d'imirceigh dar dáta Meán Fómhair 2016 a chur chun feidhme, agus tacóidh sé le tionscnaimh i bhfóraim chearta an duine de chuid na Náisiún Aontaithe ina mbítear ag seasamh le cearta daonna dídeanaithe agus imirceach. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal an non-refoulement. Athdhearbhaíonn sé gur tiomantas comhroinnte de chuid na dtíortha lena mbaineann uile é a áirithiú go gcosnófar cearta daonna iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, imirceach, agus gach duine easáitithe, agus go háirithe na rioscaí sonracha a bhíonn os comhair ban agus grúpaí leochaileacha lena n-áirítear leanaí agus daoine faoi mhíchumas, i gcomhlíonadh iomlán an dlí idirnáisiúnta. Tá rún daingean ag an Aontas an ceart chun tearmainn a ráthú.
27. Leanfaidh an tAontas d'obair a dhéanamh le comhpháirtithe maidir le cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus le Cearta an Duine, lena n-áirítear spreagadh a thabhairt do stáit bhreise pleananna náisiúnta gníomhaíochta a ghlacadh, agus tabharfaidh sé faoi shruthanna oibre Mheitheal na Náisiún Aontaithe agus Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, lena n-áirítear a Thionscadal Cuntasachta agus Leighis. Cé go bhfuil tuilleadh forbairtí dlí á bplé, creideann an tAontas gur gá cuid mhór oibre a dhéanamh go fóill féin chun oibleagáidí atá ann cheana a chur chun feidhme le mí-úsáid a chosc, agus rochtain ar leigheas a áirithiú i gcás mí-úsáide.
-